II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2020/2234 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Deireadh Fómhair 2020

maidir le síniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir, ar an taobh eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217 de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais na Cróite, agus go háirithe don dara fomhír d'Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile ([1]) ("an Comhaontú"), an 29 Meitheamh 2012 agus cuireadh Cuid IV (Trádáil) de i bhfeidhm, cé is moite d'Airteagal 271 de, de bhun Aireagal 353(4) den Chomhaontú idir an tAontas agus Hondúras, Nicearagua agus Panama ón 1 Lúnasa 2013 i leith, idir an tAontas agus Cósta Ríce agus an tSalvadóir ón 1 Deireadh Fómhair 2013 i leith, agus idir an tAontas agus Guatamala ón 1 Nollaig 2013 i leith.

(2) An 24 Meán Fómhair 2012, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Meiriceá Láir d'fhonn prótacal a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích chun aontachas na Cróite leis an Aontas ("an Prótacal") a chur san áireamh.

(3) Tugadh an chaibidlíocht chun críche go rathúil an 27 Meitheamh 2019.

(4) Ba cheart an Prótacal a shíniú, agus é a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go dtabharfar chun críche na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar leis seo síniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas agus a Bhallstáit de pháirt amháin, agus Meiriceá Láir, den pháirt eile, chun aontachas na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh, a údarú, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail sin ([2]).

([1]) IO L 346, 15.12.2012, lch. 3.
([2]) Ní ann do théacs an Phrótacail seo sa Ghaeilge.

Airteagal 2

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Prótacal a shíniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát.

Airteagal 3

Cuirfear an Prótacal i bhfeidhm ar bhonn sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de ([3]), go dtí go dtabharfar chun críche na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 23 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
S. SCHULZE

([3]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta ar uaidh sin a chuirfear an Prótacal i bhfeidhm go sealadach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.